Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025

# Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost

## 19–25 Eanáir 2025

## Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra/P1 & P2



# Snáithaonaid – Leibhéal 1

## AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Beannaíonn na Críostaithe iad féin in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.
- Is é Dia an tAthair grámhar agus an cruthaitheoir (Gein 1:26-7).
- Is é Dia an mhaith (Salm116:1).
- Aithníonn agus gránn Dia muid (Salm139).
- Is é Dia mo chara

**Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta**

- Is é beatha an pharóiste ná bheith aireach, comhbhách, urnaitheach lena chéile (*CCC*, 2179; *Revised Core Syllabus for Religious Education* [*CSRE*], 2a).
- Áit speisialta é an séipéal ina gcruinníonn pobal Dé lena chéile le guí a dhéanamh.
- Cabhraíonn ár muintir linn a bheith cairdiúil le hÍosa.
- Cabhraíonn an sagart/oide linn a bheith cairdiúil le hÍosa. (*Lumen Gentium* [*LG*], 10).

## BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

- Eoin 13:34-35
- Matha 18:20
- Filipigh 1:3-4
- Matha 19:14
- Geineasas 1:3

## LIOTÚIRGE & URNAÍ

**Urnaí**

- Iarrann Dia orainn a bheith ag guí agus tugaimid freagra air (*Gaudium et Spes*, 18, *CCC*, 2567).
- Éisteann Dia i gcónaí lenár nguí
- Is é an séipéal teach Dé. Cruinníonn pobal Dé lena chéile ann (*CCC*, 1180; *LG*, 6; 1 Tim 3:15).
- Cruinníonn clann Dé lena chéile i séipéal an pharóiste le guí agus ceiliúradh a dhéanamh (*CCC*, 1069–71, 2179).
- Áit naofa é an séipéal, téann daoine ann le guí agus le labhairt le Dia (*CCC*, 1181)

**Paidreacha Foirmiúla**

- Fíor na Croise
- Glóir don Athair ...

## AN MHORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Tá grá ag Dia don uile dhuine againn (Iar 31:3; 1 Eoin 4:10- 11; *CSRE*, 3a).
- Duine ar leith mé toisc gur chruthaigh Dia mé (*CCC*, 1004; Gein 1:26-7; Salm 137:14).
- Iarrtar orm Dia agus an duine eile a ghrá (Matha 22:36-40).
- Is seoid é/í an uile dhuine i súile Dé (*CCC*, 225, 356–61, 369, 1604, 1700–1, 1944–6, 2319, 2334; *CSRE*, 3a)

# An Luan: Saol Iomlán Beo i Measc Phobal na gCarad

Nuair a bhainimid le timpeallacht shlán fhiúntach na scoile, braithimid, mar phobal na scoile go bhfuil Críost beo inár measc, díreach mar a dúirt an Pápa Proinsias é. Is eisean ár ndóchas, tugann sé dóchas na hóige anuas leis, agus ar bhealach iontach fágann sé rian óg, úr, lán de bheocht ar an saol. Is é an chéad rud a deir an Pápa le gach Críostaí óg ná go bhfuil Críost beo, agus gur mhaith leis go mbeimisne beo beathach chomh maith. *Christus Vivit*, 1).



## Eolas don Oide


Foghlaimíonn na páistí maidir le brí an mhuintearais agus an taithí a bheadh acu ar Dhia chomh maith, ón scoil agus ón mbaile. Déantar luachanna an tsoiscéil a chothú ansin. Tugtar dúshlán dúinn an dea-shampla a thug Íosa maidir leis an ngrá, an cineáltas, an maithiúnas agus glacadh leis an duine eile, a leanúint le bheith foirfe inár saol. Glaoitear ar lucht leanúna Íosa maireachtáil i bpobal ina nasctar lena chéile trí chumhacht an ghrá iad. Iarrann an soiscéal orainn maireachtáil i measc an phobail, áit inar féidir linn fás folláin fisiceach agus spioradálta a dhéanamh, ionas go mbeimid ullamh chuige a bheith sásta gach iarracht a dhéanamh a bheith ag forbairt mar dhaoine iomlána fiúntacha.

Má bhíonn gaol maith againn linn féin, leis an duine eile agus le Dia, beidh an bhunchloch leagtha síos againn le gur féidir linn forbairt oiriúnach pearsanta a dhéanamh ar gach aon leibhéal.

I nGrá Dé

### Nascadh le *I nGrá Dé*

*I nGrá Dé: Naíonáin Bheaga/P 1:* Téama 1: 'Mo Theaghlach
*I nGrá Dé: Naíonáin Mhóra/P 2:* Téama 2: 'Táimid san Áit is Dual Dúinn'




### Nascadh leis na Scrioptúir

'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile.' (Eoin 13:34-35)

## Smaoinigh

Complacht na gcarad é an rang ina bhfuilimid. Bímid ag foghlaim, ag guí, ag súgradh lena chéile. Ba mhaith le Dia go dtabharfaimis aire dá chéile toisc gur seoid os comhair Dé an uile dhuine againn.

## Fiosraigh

- Cad is brí le bheith mar chara comhbhách?
- Conas mar a thugaimid aire dá chéile sa seomra ranga?
- Ainmnigh eachtra amháin inar thug duine aire duitse.
- Cén difríocht a dhéanann sé nuair a thugtar aire duit?
- Ba mhaith le Dia go mbeimis cairdiúil lena chéile. Conas mar is féidir linne a bheith mar chairde comhbhácha sa seomra ranga seo?

## Urnaí

Suígí thart mar chiorcal na gcarad. Bíodh solas i lár baill mar léiriú ar Íosa, an té a nascann lena chéile mar chairde muid. Gearraigí Fíor na Croise oraibh féin.

**Oide:** Cairde na páirte muid nuair a thugaimid aire dá chéile.

**Freagra: Buíochas leat a Dhia as na cairde a bhronn tú orm.**

**Oide:** Deir na páistí na hainmneacha duine i ndiaidh a chéile agus gabhaimid buíochas astu mar atá thíos.

Deir gach duine an t-ainm duine i ndiaidh a chéile mar seo: '_____________ is ainm dom.'

Tar éis gach ainm déarfaidh an slua: 'Go raibh maith agat a Dhia as _____________.'

**Amhrán:** 'Fás i nGrá' (*I nGrá Dé: Naíonáin Bheaga/P 1 Lámhleabhar an Oide*, lth. 150)

Fíor na Croise mar chonclúid.

# An Mháirt:
# Saol Iomlán Beo i Measc Phobal an Chreidimh


> ‘An Paróiste an gnáth áit ina mbímid ag éisteacht leis an soiscéal, ag cur aithne ar Íosa Críost, ag freastal go buíoch, ag guí mar phobal, ag roinnt tionscadail agus tionscnaimh, a bheith socair mar bhaill de chlann Dé.’ (An Pápa Proinsias, 29 D. Fómhair 2022)



**Eolas don Oide**
Guímid chun Dé sinn féin, sa bhaile, agus ar scoil. Nasctar an baile is an scoil le pobal an pharóiste, áit ina n-iarrtar orainn cruinniú lena chéile mar chairde Íosa. Nuair a thagaimid le chéile sa séipéal, bíonn an t-aontas seo á cheiliúradh againn, gabhaimid leithscéal as an mí-iompar, molaimid Dia, éistimid le briathar Dé sna scrioptúir, agus roinnimid íobairt Íosa agus é i láthair ar an altóir i bhfoirm na mbronntanas den arán is den fhíon. Cuirimid fáilte chroíúil roimhe ionas gur féidir linn dóchas agus grá Dé a thabhairt linn abhaile, ar scoil agus gach áit ina mbímid go rialta. Tá obair le déanamh ag an uile dhuine againn feabhas a chur ar phobal creidimh an pharóiste.

Cothaítear an fholláine spioradálta mar chuid lárnach den tionól agus de cheiliúradh an pharóiste.

**Nascadh le *I nGrá Dé***
*I nGrá Dé: Naíonáin Bheaga/P 1:* Téama 7: ‘An Eaglais’
*I nGrá Dé: Naíonáin Mhóra/P 2:* Téama 8: ‘An Eaglais’





**Nascadh leis na Scrioptúir**
‘Óir, mar a mbíonn beirt nó triúr tagtha i gceann a chéile i m’ainmse, bím féin ansin ina measc’. (Matha 18:20)

**Smaoinigh**
Is cuid de phobal an pharóiste sinn. Cuireann Dia glao orainn cruinniú lena chéile toisc gur de chlann Dé muid.

**Fiosraigh:**
- Cé hiad na daoine a bhíonn le sonrú sa séipéal? (An sagart, léitheoirí, ministrí na hEocairiste, cór, freastalaithe na haltóra, sacraisteoir, caiticeasmóir, glantóirí, rúnaí, 7rl.)
- Cad a bhíonn ar siúl ag daoine sa séipéal? (Urnaí, caint, canadh, éisteacht, glanadh, 7rl.)
- Áit ar leith é séipéal an pharóiste ina mbuaileann cairde Íosa lena chéile ann. Cad a cheapann Dia de, nuair a thugann sé faoi deara go bhfuilimid cruinnithe lena chéile sa séipéal, ag urnaí is ag canadh ann?

**Gníomhaíocht**
Tarraing pictiúr díot féin ar an gcárta agus dathaigh an choinneal. Beir leat chun an tséipéil é ionas go gcuirfidh cuairteoirí chun an tséipéil paidir ar do shon i rith na seachtaine seo. (Ní ceart go gcuirfí ainmneacha na bpáistí leis na pictiúir.)

*Guígí orm, le bhur dtoil*



# An Chéadaoin: Saol Iomlán Beo i Measc na Muintire


Tugaim cuireadh daoibh leanúint ar aistear an tsaoil trí bheith ag éisteacht le Dia an tAthair a ghlaonn oraibh. Bíodh sibh mar mhisinéirí an domhain! Ná bígí ag siúl in bhur n-aonar. Sibhse, a theaghlaigh óga, glac an chomhairle a thugann an aicme a d'imigh romhaibh, a mbíonn aithne ar an aistear acu. Bíodh sibh mar chomrádaithe na sluaite atá ar an aistear céanna libhse.
(An Pápa Proinsias, Cruinniú Domhanda na dTeaghlach 2022)



### Eolas don Oide

Is é an teaghlach aonad bunúsach an phobail, na scoile, an pharóiste 7rl. Foghlaimíonn na páistí a gcuid luachanna ón sampla a thugtar dóibh sa bhaile, tríd an tosaíocht is mó a léiríonn na tuismitheoirí is na seantuismitheoirí.

Is ar an lá seo a thugaimid aitheantas do na seantuismitheoirí, agus don ról atá acu maidir le tógáil na dteaghlach is na bpáistí. Tugann na seantuismitheoirí go leor tacaíochta sa bhaile, agus baineann tábhacht nach beag leo i saol na n-óg. Bíonn tíolacadh áirithe le bronnadh ag gach uile ghlúin ar an nglúin atá ag éirí, agus an bronntanas den chreideamh i nDia go mór san áireamh.




### Nascadh leis na Scrioptúir

'Gach uair dá gcuimhním oraibh gabhaim buíochas le mo Dhia agus gach uair a bhím ag guí déanaim guí oraibh uile go lúcháireach'. (Fil 1:3-4)

I nGrá Dé

### Nascadh le *I nGrá Dé*

*I nGrá Dé: Naíonáin Bheaga/P 1:* Téama 1: 'Mo Theaghlach'
*I nGrá Dé: Naíonáin Mhóra/P 2:* Téama 2: 'Táimid san Áit is Dual Dúinn'

### Smaoinigh

Léiríonn Dia grá agus aire dúinn tríd an teaghlach. Gránn na seantuismitheoirí na tuismitheoirí is na paistí agus tugann siad aire dóibh.

**Nóta**

Bíodh na hoidí discréideach faoi na cúrsaí seo, go háirithe má tá páistí ann a chaill seantuismitheoirí le déanaí, nó na daoine sin nach mbíonn teagmháil ar bith acu leis na seantuismitheoirí. Tá deiseanna ann do na ranganna éagsúla déileáil leis na gníomhartha ar leibhéil éagsúla

## Fiosraigh


Pléigh ról na seantuismitheoirí maidir le haire is le grá a thabhairt do na páistí..

- Conas mar a léiríonn na seantuismitheoirí a gcuid grá duitse?
- Cad iad na rudaí is tábhachtaí do na seantuismitheoirí?
- Conas mar a léireodh tusa aire agus grá do do sheantuismitheoirí?

## Gníomhaíocht

Tarraing pictiúr de na seantuismitheoirí sa chroí thíos agus bronn orthu go luath é.

*Grá Mór! Buíochas le Dia!*



# An Déardaoin: Saol Iomlán Beo ar Son agus i Measc Chách

Cuireann an scolaíocht Chaitliceach meas ar an éagsúlacht creidimh agus cultúrtha chun cinn. Bítear ag troid in aghaidh na claontachta agus in aghaidh an idirdhealaithe, agus ag moladh na caoinfhulaingthe agus an tsíocháin idirchreidmheach don tsochaí. (*Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna na hÉireann* Veritas, 2015)




### Eolas don Oide

Bíonn an ceartas sóisialta, an cuimsiú agus an éagsúlacht ag croílár luachanna an tsoiscéil. Ní raibh aon teorainn leis an mhinistreacht a rinne Íosa nuair a leag sé lámh orthusan a raibh galair thógálacha orthu, nuair a labhair sé leis an aicme a bhris an dlí, nuair a thug sé maithiúnas dóibh siúd a raibh cathú orthu faoi na coireanna a rinneadar, nuair a labhair sé le muintir na Samáire cé gur sheachain na Fairisínigh agus na ceannairí iad, nuair a thug sé dúshlán na ndaoine nach raibh ag déileáil go cothrom leis an mhuintir sin. Iarrtar orainne, mar lucht tacaíochta Íosa, seasamh cróga a ghlacadh in aghaidh na claontachta, labhairt amach ar son na ndaoine nach bhfuil cumhacht acu, áit a chur ar fáil do na daoine gátaracha, agus meas ar chách a léiriú. Go traidisiúnta, is ionaid iad na scoileanna ina mbíonn gá éagsúil agus éagsúlacht chultúrtha, agus táid go mór le sonrú ar scoil faoi láthair. Iarrtar orainn freagairt lách oscailte ar nós mar a bhí croí Íosa a léiriú, ionas go mbreathnófar ar an éagsúlacht mar bhua a shaibhríonn ár saol agus ár gcultúr féin.

I nGrá Dé

### Nascadh le *I nGrá Dé*

*I nGrá Dé: Naíonáin Bheaga/P 1:* Téama 1: 'Ár nDomhan'
*I nGrá Dé: Naíonáin Mhóra/P 2:* Téama 2: 'Ár nDomhan'




### Nascadh leis na Scrioptúir

'Ligigí do na leanaí agus ná coiscigí iad ar theacht chugam.' (Matha 19:14)

## Scéal

Tráth dá raibh, bhí scoil in Uí Bhreasail darbh ainm 'Is Mar an gCéanna Muid Uile'. Sa scoil seo, bhí dath bán ar na ballaí ar fad, ar na doirse ar fad, ar na hurláir ar fad. Ms Téir ab ainm don phríomhoide, don rúnaí, do na múinteoirí, do na SNAanna ar fad. Tugadh Pól ar gach aon bhuachaill, agus Póilín ar gach cailín. Chaith an uile dhuine sa scoil sin, éadaí nó feisteas dearg. Bhí gach duine ar scoil go maith ag an léamh agus ag an spórt. Ní bhíodh amhránaíocht ar bith ar scoil toisc nach bhféadfadh duine ar bith canadh a dhéanamh. Ní dhearna na páistí ealaín ar bith toisc nach raibh dathanna, péint, marcóirí, páipéar ealaíne, pinn luaidhe daite ná cré ann. Ní raibh pictiúr ar bith ar na ballaí agus ní raibh dath ar bith ar scoil seachas bán agus dubh agus liath.

## Pléigh

- Ar mhaith leat bheith sa scoil sin?
- Conas mar a bheadh sé mura mbeadh ceol ná amhránaíocht ar scoil?
- An bhfuil na múinteoirí ar fad sa scoil seo díreach mar an gcéanna?
- Cad a tharlódh dá mbeadh an t-ainm céanna orainne ar fad?
- An bhfuil an chuma chéanna ar gach aon duine againne?

## Cleachtadh

Toisc go mbíonn gach duine sa rang seo éagsúil, abraimis:

_____________ is ainm dom.

Táimse go maith ag an _____________.

## Urnaí

*Fíor na Croise.*

**Freagra: Go raibh maith agat a Dhia.**

**Oide:** Ar son an uile dhuine sa rang seo.

**Oide**: Toisc gur tugadh le chéile muid mar chairde.

**Oide**: Toisc go ndearnadh mar dhaoine indibhidiúla éagsúla muid.

**Oide**: Ar son an uile dhuine sa scoil seo.

**Oide:** Ar son na ndaoine a tháinig chugainn ón iasacht.

## Amhrán

'Is Duine ar Leith Mise' (*I nGrá Dé: Naíonáin Bheaga/P 1*, lth. 74)
'Cruthaithe ag Dia' (*I nGrá Dé: Naíonáin Mhóra/P 2*, lth. 80)


# An Aoine: Saol Iomlán Beo ar Son an Leasa Choitinn

'Caithfear an domhan coiteann a chaomhnú agus a shaothrú ar an mbealach ceart, deireadh a chur le dúshaothrú na n-acmhainní, agus bealach maireachtála inmharthana á chur i bhfeidhm againn. Caithfear cloí leis na foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus meas ar an imshaol nádúrtha agus daonna a léiriú.' (*Comhaontú Domhanda an Oideachais*, lth.16)



**Eolas don Oide**

Bronnadh domhan aoibhinn orainn mar áit chónaithe, ina mbíonn bia agus spás do chách, má thugaimid aire cheart dó agus má roinnimid go fial lena chéile. Tá an fhreagracht ar an uile dhuine againn an domhan a choimeád sláintiúil, agus é a bhronnadh mar thíolacadh feabhsaithe ar an nglúin atá le teacht inár ndiaidh. Bhronn Dia buanna áirithe orainn a chabhróidh linn, cur le saibhreas agus le háilleacht an domhain. Má chothaímid meas ar an timpeallacht i measc na n-óg, aithnímid an luach a bhaineann leo agus spreagfar iad le bheith mar lóchrainn an dóchais don todhchaí.




**Nascadh le *I nGrá Dé***

*I nGrá Dé: Naíonáin Bheaga/P 1:* Téama 1: 'Ár nDomhan'
*I nGrá Dé: Naíonáin Mhóra/P 2:* Téama 2: 'Ár nDomhan'

**Nascadh leis na Scrioptúir**

'Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go sármhaith.' (Gein 1:31)

### Smaoinigh
Conas éagsúlacht phlandaí agus foinsí phailin i dtimpeallacht na scoile a mhéadú.

### Scéal
Bhí beirt choinín ann tráth, deartháireacha darbh ainm dóibh Flipí agus Flapaí, agus bhí cónaí orthu i bpoll ar thaobh an chnoic. Bhí go leor spáis ag an mbeirt acu le béile a chaitheamh, le dul a chodladh ann, agus le bheith te teolaí istigh. Thaitin le Flipí agus le Flapaí na cairéid a bhaineadar ón ngarraí glasraí in aice leo a ithe. Uaireanta d'ithidís na cairéid sa gharraí féin, agus ansin thugaidís cuid eile leo le hithe sa bhaile. Chuireadh Flipí na cairéid i gcarn néata ar chúl an phoill. Chuireadh Flapaí na cairéid ag an doras, ina leaba, agus uaireanta d'fhágadh sé taobh amuigh iad. D'fhéadfadh sé na cairéid a chaitheamh in aon áit! Ba mhinic nach raibh spás fágtha le dul isteach sa pholl toisc go raibh na cairéid scaipthe thall is abhus. Níor bhain aon chompord leis an leaba nuair a líonadh le cairéid í! Bhíodh Flipí crosta nuair a tharla a leithéid. Ghreadadh sé an talamh go fíochmhar leis na lapaí agus bhrúdh sé Flapaí go garbh lena shrón chomh maith! Ní raibh Flapaí pioc sásta leis féin nuair a bhídís ag troid lena chéile!

### Pléigh
- Ar mhaith leat cónaí le Flapaí Coinín?
- Ar coinín slachtmhar é Flapaí?
- An raibh na coiníní sona lena chéile?
- Cén coinín atá cosúil leatsa?
- An féidir le Flipí agus le Flapaí ceacht a mhúineadh dúinn?
- Conas mar a thugaimid aire don seomra ranga agus don bhaile?

### Gníomhaíocht
Aimsigh dhá phíosa oibre le déanamh sa seomra ranga ionas go mbeidh sé néata.
Conas is féidir cabhrú sa bhaile agus an teach a choimeád glan agus slachtmhar?

# *Glanadh suas: Meaitseáil agus Sórtáil.*



